# Fáiltiú Stáit Dhomhnach Casca ag Caisleán Bhaile Átha Cliath

27ú Márta, 2016

Bhí an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn i láthair ag an ócáid seo, Fáiltiú foirmiúil an Stáit ag a raibh cuireadh ón Taoiseach ag thart ar 2,000 de ghaolta na ndaoine a bhí páirteach in Eirí Amach 1916, mar aon le 1,000 aoi eile ar a n-áirítear ionadaithe tofa (Teachtaí Dála, Seanadóirí, Feisirí Eorpacha), Ionadaithe ó Thuaisceart Éireann, na Breithiúna, an Cór Taidhleoireachta, an Chomhairle Stáit, An Sainghrúpa Comhairleach do na Cuimhneacháin Chéad Bliain, na hÚdaráis Áitiúla, Eagraíochtaí Creidimh, Pearsanra Sinsir Óglaigh na hÉireann (Eagraíochtaí Iarshaighdiúirí san áireamh), An Garda Síochána, an tSeirbhís Phoiblí, Ionadaithe Oibrithe agus Fostóirí, na Meáin, Lucht Gnó Bhaile Átha Cliath, daoine idirnáisiúnta a fuair cuireadh (daoine a bhfuil dlúthcheangal acu le hÉirinn), Eagraíochtaí Spóirt agus Cultúrtha agus daoine eile as réimsí éagsúla de shaol na hÉireann.

Ar chuireadh amháin a bhí daoine i láthair ag an ócáid seo. Tar éis breithniúcháin agus plé leis an gCumann Gaolta socraíodh go dtabharfaí cuireadh chuig an bhFáiltiú do na gaolta ba gaire do na hóglaigh. Rinneadh gach iarracht a bheith chomh cothromasach agus ab fhéidir, chun ionadaíocht forleathan a chinntiú agus freisin chun freastal ar na daoine sin a thug le fios go mbeadh cabhair, srl. á lorg acu.